C/2026/725

30.1.2026

Fógra le haghaidh na ndaoine atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2023/2135 ón gComhairle, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2026/254 ón gComhairle agus Rialachán (AE) 2023/2147 ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/251 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn de chobhsaíocht agus d'aistriú polaitiúil na Súdáine

(C/2026/725)

Dírítear aird na ndaoine a luaitear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2023/2135 ón gComhairle ([1]), arna leasú le Cinneadh (CBES) 2026/254 ón gComhairle ([2]), agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/2147 ón gComhairle ([3]), arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/251 ón gComhairle ([4]), a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn de chobhsaíocht agus d'aistriú polaitiúil na Súdáine, ar an bhfaisnéis seo a leanas.

Ceanglaítear le hAirteagal 9 de Rialachán (AE) 2023/2147 arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/251, ar na daoine tuairisc a thabhairt laistigh de 6 seachtaine tar éis dháta an liostaithe in Iarscríbhinn I faoi na cistí nó na hacmhainní eacnamaíocha laistigh de dhlínse Ballstáit ar leo iad nó atá faoina n-úinéireacht, ina seilbh nó faoina rialú, d'údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil na cistí nó na hacmhainní eacnamaíocha sin suite. Ní mór dóibh oibriú i gcomhar leis an údarás inniúil maidir le fíorú na faisnéise sin. Aon mhainneachtain na hoibleagáidí sin a urramú, measfar gur teacht timpeall ar na bearta maidir le reo sócmhainní agus acmhainní eacnamaíocha atá ann.

Ní mór an fhaisnéis atá le tuairisciú a sheoladh chuig údarás inniúil an Bhallstáit ábhartha, trína shuíomh gréasáin mar a shonraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/2147, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/251, é.

([1]) IO L, 2023/2135, 11.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/2135/oj.
([2]) IO L, 2026/254, 29.1.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/254/oj.
([3]) IO L, 2023/2147, 11.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2147/oj.
([4]) IO L, 2026/251, 29.1.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/251/oj.